2025/2529

12.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2529 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 168 de Threoir 2006/112/CE, bunaítear ceart daoine inchánach cáin bhreisluacha (CBL) a mhuirearaítear ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí arna n-úsáid acu chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe a asbhaint. Leagtar síos le hAirteagal 26(1), pointe (a), den Treoir sin, nuair a úsáidtear sócmhainn ghnó chun críoch príobháideach an duine inchánach nó foireann an duine inchánach nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críoch eile seachas a ghnó, go gcaithfear leis sin mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé faoi réir CBL.

(2) Le Cinneadh 2007/441/CE ([2]) ón gComhairle, údaraítear an Iodáil teorainn 40 % a chur leis an gceart CBL a asbhaint faoi Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE i ndáil le ceannach mótarfheithiclí bóthair áirithe, lena n-áirítear conarthaí cóimeála agus a leithéidí, monarú, fáil laistigh den Chomhphobal, allmhairiú, fáil ar léas nó ar cíos, modhnú, deisiú nó cothabháil, agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear bealadh agus breosla, i gcás nach chun críoch gnó amháin a úsáidtear an fheithicil. I dtaca leis na feithiclí atá faoi réir na teorann 40 % sin, cuireann an Iodáil de cheanglas, maidir le daoine inchánach agus maidir le húsáid feithiclí chun críoch príobháideach ar feithiclí iad a áirítear ar shócmhainní gnólachta duine inchánach, nach ndéileálfaidh daoine inchánach le húsáid na bhfeithiclí sin mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin i gcomhréir le hAirteagal 26(1), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE ('na bearta speisialta').

(3) Tá Cinneadh 2007/441/CE le dul in éag an 31 Nollaig 2025.

(4) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 31 Márta 2025, d'iarr an Iodáil údarú chun leanúint de na bearta speisialta a chur i bhfeidhm go ceann tréimhse eile go dtí an 31 Nollaig 2028 ('an iarraidh').

(5) I gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh (AE) 2007/441/CE, chuir an Iodáil tuarascáil isteach, in éineacht leis an iarraidh, inar áiríodh athbhreithniú ar an teorannú céatadáin a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an gceart CBL a asbhaint dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin. I bhfianaise na faisnéise sin, áitíonn an Iodáil go bhfuil an teorainn 40 % fós inchosanta agus go bhfuil sí fós iomchuí. Áitíonn sí freisin go bhfuil údar cuí leis na bearta speisialta i bhfianaise a dtionchair dhearfaigh a mhéid a bhaineann leis an ualach riaracháin do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach trí bhailiú CBL a shimpliú agus le himghabháil cánach a chosc trí choimeád taifead mícheart.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh arna déanamh ag an Iodáil chuig na Ballstáit eile le litreacha dar dáta an 29 agus an 30 Iúil 2025. Le litir dar dáta an 31 Iúil 2025, thug an Coimisiún fógra don Iodáil go raibh an fhaisnéis ar fad aige a bhí riachtanach chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(7) Ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag cur i bhfeidhm na mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2025 ar mhéid foriomlán ioncam cánach a bhailíonn an Iodáil ag céim an tomhaltais deiridh agus ní dhéanfaidh sé dochar d'acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.
([2]) Cinneadh 2007/441/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 2007 lena n-údaraítear Poblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 165, 27.6.2007, lch. 33, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec/2007/441/oj).

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an údarú a leagtar amach i gCinneadh 2007/441/CE. Ba cheart teorainn ama a chur le síneadh na mbeart speisialta ionas go mbeidh an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus ar oiriúnacht an teorannaithe céatadáin a chuirtear i bhfeidhm ar an gceart CBL a asbhaint.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don Iodáil leanúint de chur i bhfeidhm na mbeart speisialta go dtí an 31 Nollaig 2028.

(10) Tá na bearta speisialta comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, is iad sin an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc, ós rud é go bhfuil na bearta speisialta teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis na bearta speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(11) I gcás ina measann an Iodáil gur gá síneadh a chur leis na bearta speisialta tar éis 2028, ba cheart di iarraidh ar shíneadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2028. Ba cheart tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na mbeart speisialta a bheith ag gabháil leis an iarraidh sin, lena n-áirítear athbhreithniú ar an teorannú céatadáin a cuireadh i bhfeidhm.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2007/441/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2007/441/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

Déanfar aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an údarú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2028. Beidh tuarascáil ag gabháil leis an iarraidh sin, lena n-áireofar athbhreithniú ar an teorannú céatadáin a chuirtear i bhfeidhm ar an gceart CBL a asbhaint ar bhonn an Chinnidh seo.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

'*Airteagal 7*

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2028.'.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hIodáile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

R. STOKLUND